

TRÍ MHUC MARA DÍOL MUC SGABHAIRNEACH

Trí mhuc sgabhairneach díol míol mór
Trí mhíol mór díol bod sleamhain
Trí bhod sleamhain díol ceannramhán crón
Trí cheannramhán crón díol eascoinne

(an méid atá siad i ndon ithe)

An grampard, sé rí na fairrge é. Tá claibín ar a bhaithis. Nuair a eirigheann sé ar bharr na fairrge eireochaidh an claibín agus cuirfidh an grampard sgiúd uisge in airde. Beidh an t-uisge ina fhairrge cháithte a' gul suas agus nuair a bhéas sé a' tuitim beidh sé ina cheo.

Is mó muc sgabhairneach ná muc mhara. Tá an mhuc sgabhairneach i ndon trí cinn de na muca mara a ithe.

Chonnaic mé bradán fearna chomh fada le bád iomartha.